



Réimse Gnímh 6: Foclóirí

- Foilseofar leagan clóite den Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge.
- Leanfar leis an bpleanáil chuí i ndáil le foclóirí, téarmaíocht agus áiseanna eile.



Réimse Gnímh 7: Reachtaíocht agus Stádas

- Déanfar Bille na dTeangacha Oifigiúla (leasú) 2017 a achtú.
- Cuirfear deireadh leis an maolú ar úsáid na Gaeilge san Aontas Eorpach (AE) i mí na Nollag 2021.



Réimse Gnímh 8: Saol Eacnamaíochta

- Leanfar de bheith ag cur ar chumas Údarás na Gaeltachta a chúram a chomhlíonadh i dtaca le coinneáil agus cruthú poist i gceantair Ghaeltachta.
- Déanfar buiséad caipitil an Údaráis a mhéadú de réir a chéile, le súil is go n-éascóidh an méid sin cruthú agus coinneáil 8,500 post lánaimseartha i gcuideachtaí Gaeltachta faoi 2022.



Réimse Gnímh 9: Tionscnaimh Laethana


- Déanfar feachtas turasóireachta cultúrtha a fhorbairt agus a fheidhmiú sa Ghaeltacht.

Monatóireacht

- Bunófar Coiste Stiúrtha, a dhéanfaidh maoirseacht, ar dhul chun cinn an Phlean ar a mbeidh ionadaithe ó na Ranna Rialtais ábhartha agus ó na príomhpháirtithe leasmhara cuí go léir.
- Leanfar leis an gCoiste Comhairleach a thacaíonn le cur i bhfeidhm na Straitéise, agus beidh an tAire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin ina chathaoirleach air.
- Déanfar tuairiscí i leith dhul chun cinn an Phlean a chur faoi bhráid an Rialtais agus déanfar iad seo a fhoilsiú ar bhonn bliantúil.



 An Roinn Cultúir,
Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

 PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA 2018-2022
Ar dTeanga, Ar bPobal

Tuilleadh eolais agus fiosruithe:

An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta
Na Forbacha

Co. na Gaillimhe

091 503700

chg.gov.ie/plean_gníomhaíochta_2018-2022



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Plean Gníomhaíochta 2018-2022

Straitéis 20 Bliain Don Ghaeilge 2010-2030

arna fhoilsiú ag an Roinn Cultúir,
Oidhreacht agus Gaeltachta
chg.gov.ie

 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAELIGE 2010-2030
Ar dTeanga, Ar bPobal

CÚLRA AN PHLEAN

- Seoladh an Plean Gníomhaíochta i mí Meithimh 2018.
- Leagtar amach sa Phlean cad atá beartaithe a dhéanamh sa tréimhse go 2022 chun tuilleadh cúraim a dhéanamh don Ghaeilge agus don Ghaeltacht mar a bhaineann sé leis an naoi réimse gnímh a leagtar amach sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.
- Tá breis agus 180 beart faoi leith ann a chuirfear i bhfeidhm i gcomhar le os cionn 60 páirtí leasmhar
- Leagtar an bhéim is mó ar an méid a dhéanfar go sonrach ar bhonn comhpháirtíochta thar 5 bliana. Ta tráthchlár ama luaite le gach beart agus na páirtithe a bheidh freagrach as na bearta a chur i bhfeidhm.
- Déantar cur síos ann chomh maith ar an gcur chuige úr a bheidh i bhfeidhm maidir le cúrsaí monatóireachta, ar mhaithe le treisiú a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht agus ar an gcomhúinéireacht is gá a bheith ann chun go mbeidh rath ar an bplean.

CUSPÓIRÍ AN PHLEAN

I measc phríomhaidhmeanna agus príomhchuspóirí an Phlean Gníomhaíochta, tá:

- creat níos comhtháite agus níos cuimsithí a chur ar fáil a thacóidh le cur i bhfeidhm na Straitéise.
- rannpháirtíocht níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí le cuspóirí foriomlána an Rialtais i leith na Gaeilge a chothú.
- forbairt bhreise a dhéanamh ar chomhúinéireacht, chomhfhreagracht agus chuntasacht tras-Rialtais agus ag leibhéal gníomhaireachta agus eagraíochta neamhrialtais.
- Tuiscint agus ceangal níos fearr a chur chun cinn idir pleananna oibre gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí ábhartha agus an Plean Gníomhaíochta.

PRÍOMHBHEARTA AN PHLEAN

Déanfar na príomhbhearta seo a leanas a sheachadadh



Réimse Gnímh 1: Oideachas

- Leanfar le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.
- Déanfar forbairtí i réimse Soláthair Scoileanna lán-Ghaeilge ag leibhéil bhunscoile agus iar-bhunscoile.
- Déanfar forbairtí i réimse oiliúna múinteoirí.
- Déanfar tuilleadh forbairtí i dtaca le gnéithe den churaclam lena n-áirítear athbhreithniú ar an gclár d'fhoghlaim na Gaeilge sa tsraith shinsearach.
- Cuirfear rochtain níos fearr ar fáil ar thaithí foghlama Gaeilge agus cultúrtha thar lear.



Réimse Gnímh 2: An Ghaeltacht

- Leanfar ag tacú le feidhmiú rathúil an phróisis pleanála teanga trí mhaoiniú, comhairle agus tacaíocht theicniúil agus phraiticiúil a chur ar fáil.
- Leanfar leis an gClár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga (caipiteal agus reatha) ar leas an phróisis pleanála teanga agus an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.
- Déanfar athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga agus cuirfear maoiniú breise ar fáil ina leith.
- Cuirfear raon bearta i bhfeidhm sna réimsí a bhaineann le luathbhlianta, an teaghlach, na healaíona traidisiúnta agus an óige.



Réimse Gnímh 3: An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh - Idirghabháil go Luath

- Cruthófar dhá phost Gaeilge i réimse na Luathbhlianta laistigh den Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an soláthar Gaeilge in earnáil na luathbhlianta i gceantair taobh amuigh den Ghaeltacht.
- Cuirfear infheistíocht bhreise ar fáil don eagraíocht Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus cuirfear acmhainní suntasacha breise ar fáil don eagraíocht Tuismitheoirí na Gaeltachta.
- Méadófar an leibhéal uasta maoinithe caipitil atáthar a sholáthar faoi Chlár Tacaíochta Pobail agus Teanga na Roinne ó 80% go 95% de na costais iomlána incháilithe do thograí i réimse na luathbhlianta sa Ghaeltacht.
- Cuirfear tacaíocht ar fáil don réimse luathoidreachais i leith oiliúint agus fhorbairt ghairmiúil na gcleachtóirí sa réimse cúraim leanaí.



Réimse Gnímh 4: Riarachán, Seirbhísí agus Pobal

- Le hachtú Bhille na dTeangacha Oifigiúla (leasú), 2017, déanfar feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí poiblí do na ceantair Ghaeltachta agus do chainteoirí Gaeilge.
- Cuirfear caighdeán teanga in áit scéimeanna teanga; agus
- Méadófar go 20% líon na gcainteoirí dátheangacha feidhmeacha Gaeilge a earcófar don tseirbhís phoiblí.



Réimse Gnímh 5: Na Meáin agus Teicneolaíocht

- Foilseofar agus cuirfear i bhfeidhm Plean Digiteach don Ghaeilge.
- Cuirfear bonneagar digiteach Gaeilge ar fáil do sheirbhísí foghlama, faisnéise agus cultúir.